# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2010

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Ardleibhéal

**Réamhrá Ginearálta**

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinn de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna i 2003.
- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó Sármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.
- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharacála seo iomlán nó uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha eile a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil de réir a bhfiúntas.

## AONAD A hAON

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**CEIST 1.** ***Marc***

1 1 a) **Samhlaigh go bhfuil Arastatail beo inniu agus go bhfuil sé ag teacht chuig do scoil le labhairt faoina chuid smaointe.** **40** *Grádaithe*

**Bunaithe ar an eolas atá agat ar smaointeoireacht fhealsúnach Arastatail tabhair breac-chuntas ar dhá smaoineamh is dóigh leat a labhróidh sé fúthu.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí fhaisnéis chruinn ar dhá cheann de phríomhsmaointe fealsúnacha Arastatail a leagan síos.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'aithin *smaoineamh Arastatail maidir le foirm agus ábhar* eisint ruda (an rud a fhágann go bhfuil sé uathúil e.g. 'crannúlacht') agus a fhordhreach araon (na saintréithe fisiciúla a léiríonn sé e.g. 'crann daire') etc.
- Ba é *múineadh Arastatail ar an anam* go bhfuil sícé (anam) ag gach neach beo. Cuireann anam duine ar a chumas/cumas/ a f(h)íor-lánacmhainneacht a bhaint amach, agus is é sin sonas, dar le hArastatail etc.
- Tugann *teoiric chúisíochta Arastatail* míniú ar shubstaint i dtéarmaí a hábhair (cúis ábharach), a foirm nó a eisinte (cúis fhoirmiúil), a tuismíocht (cúis éifeachtach), agus a feidhm (an chúis dheiridh) etc.
- *Smaoineamh Arastatail go mbíonn dhá bhealach ag daoine rud a bheith ar eolas acu* – trí na céadfaí ar dtús agus ansin tríd an intleacht etc.
- *Teagasc Arastatail ar eitic* – Sainmhínítear suáilce mar bharr feabhais agus tasc nó feidhm cheart an duine á chomhlíonadh. Éiríonn duine suáilceach trí rudaí suáileacha a dhéanamh. Ba é an phríomh-imní mhorálta d'Arastatail, mar sin, saol suáilceach a chaitheamh etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna do Cheisteanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x 2 |

**1 1 b) Scrúdaigh conas a thaispeánann aon cheann amháin de smaointe fealsúnacha Arastatail machnamh géarchúiseach faoin domhan a raibh taithí aige air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar smaointe feaslsúnacha na SeanGhréige trí scrúdú beacht a dhéanamh agus trí thátal a bhaint as an tslí ina léiríonn ceann ar bith de smaointe fealsúnacha Arastatail léargas géar ar an domhan mar ar bhraith Arastatail é.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Léiríonn mian Arastatail chun eolas a chur ar chúis agus ar nádúr bunaidh na réaltachta gur mhachnaigh Arastatail ar an domhan mar ar bhraith sé é etc.
- Léiríonn smaoineamh Arastatail maidir leis an ngaol idir an intleacht agus na céadfaí go ndearna sé dianmhachnamh ar theoiric Plato ar smaointe agus gur chuir sé iad seo i bhfeidhm ar a thaithí féin ar an domhan etc.
- Léiríonn anailís chórasach Arastatail ar nádúr na cúisíochta machnamh géar ar an athrú agus ar an mbuaine a chonaic sé sa domhan mór thimpeall air sa mhéid is go bhfaca sé ceithre chatagóir chúisíochta: ábharach, foirmiúil, éifeachtúil agus deiridh etc.
- Léiríonn smaointe Arastatail maidir le tualang agus gníomh machnamh géar ar an domhan mórthimpeall air toisc go bhfreagraíonn na smaointe sin ceisteanna faoi cén fáth agus cén chaoi ar tharla ann don domhan agus do dhaoine etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *Sármhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

**CEIST 2.**

1 2 a) i. **"Cad atá mícheart leis an domhan…?" – Black Eyed Peas** **20** *Grádaithe*

**An líne sin as amhrán, is sampla é de dhuine atá ag cuardach brí agus luachanna sa domhan.**

**Déan cur síos ar dhá shampla eile de conas is féidir ceisteanna faoi chuardach bhrí na beatha a thabhairt faoi deara i gcultúr an lae inniu.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar an gcuardach do bhrí agus do luachanna i gcomhthéacsanna an lae inniu trí chuntas beacht a thabhairt ar dhá shampla eile de conas is féidir ceisteanna faoi chuardach bhrí na beatha a thabhairt faoi deara i gcultúr an lae inniu.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tagann sampla eile de conas is féidir ceisteanna faoi chuardach bhrí na beatha a thabhairt faoi deara i gcultúr an lae inniu ón amhrán céanna. Fiafraíonn an teidil "Cá bhfuil an grá?" Léiríonn sé seo go bhfuil an té a scríobh an t-amhrán ag iarraidh fáil amach an bhfuil grá sa domhan agus an féidir le daoine "an rud a chraobhscaoileann siad a chleachtadh"
- Féadfaidh cleachtadh reiligiúnach daoine a léiriú go gcuireann daoine ceisteanna faoi bhrí na beatha e.g. an Chríostaíocht – freagraíonn an baiste ceisteanna faoi Dhia a bheith ann, an mhaith agus an t-olc etc.
- Is féidir ceisteanna faoin gcuardach do bhrí na beatha a fheiceáil i scannáin e.g. léiríonn The Breakfast Club, The Truman Show nó Dead Poets' Society daoine ag ceistiú cé na luachanna atá tábhachtach agus cad iad na roghanna a fhágfaidh an saol bríoch etc.
- Is féidir ceisteanna faoin gcuardach do bhrí na beatha a fheiceáil san Ealaín e.g. is féidir ceisteanna faoi thaithí na fulaingthe a fheiceáil in Guernica le Picasso – péintéireacht a ardaíonn ceisteanna faoi uafás agus faoi léan an chogaidh etc.
- Is féidir ceisteanna faoi bhrí na maithe agus an oilc a fheiceáil sa litríocht e.g. Sophie's World le J. Gaarder; The Great Hunger de chuid Patrick Kavanagh; Man's Search for Meaning le Viktor E. Frankl; An Evil Cradling le Brian Keenan; Audacity To Believe le Sheila Cassidy etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Ceadaigh freagraí tuairisciúla i gcás go dtugann an t-iarrthóir cuntas beacht faoin tslí ar féidir ceisteanna faoin gcuardach do bhrí na beatha a fheiceáil go ginearálta in ealaín, i litríocht, i gceol clasaiceach nó comhaismeartha, nó sa chultúr óige.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x2 |

**1 2 a) ii. Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc a d'fhéadfadh a chosc ar dhuine brí na beatha a chuardach i sochaí an lae inniu** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar thosca a chuireann bac ar an gcuardach do bhrí agus do luachanna i gcomhthéacsana an lae inniu trí eolas beacht a leagan amach ar dhá thoisc i sochaí an lae inniu a d'fhéadfadh bac a chur ar dhuine ó bhrí na beatha a chuardach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh daoine a bheith gafa le bunriachtanas daonna chun maireachtála e.g. an gá le bia, nuair nach bhfreastalófaí air etc.
- Ní fhágann réasúnaíocht thomhaltach e.g. nuair a thomhastar ráthaíocht i dtéarmaí ábharacha nó airgeadaíochta, mórán spáis do bhuntomhais eiticiúla, spioradálta nó gaoil a ghabhann leis an sonas daonna etc.
- Is féidir nach bhfágfadh luas tapa na beatha am don mhachnamh criticiúil etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x 2 |

**1 2 b) Scrúdaigh an chaoi a bhfuil iompraíocht reiligiúnach le feiceáil i ndeasghnáth amháin a bhaineann le sochaí ársa a ndearna tú staidéar uirthi.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth feasacht gur léirigh daoine daonna, ó thús ama, a bhfreagrairt don tóraíocht do bhrí ar spioradáltachtaí éagsúla, teangacha siombólacha agus córais bhríonna trí bhreathnú go grinn ar an mbealach in ar léir creideamh reiligiúnach i ngnás amháin nó i gcineál gnáis atá bainteach le sochaí ársa.

*Pointí a d'Fhéadfadh a bheith ann*
- Is féidir iompar reiligiúnach a fheiceáil i ngnásanna atá bainteach le sochaí ársa trí úsáid -
    - Ábhar nó earraí a thagair go siombólach don diagaire etc.
    - Gníomhartha nó gothaí ar féidir gurbh fhreagairt iad nó glaoch ar an diagaire etc.
    - e.g. gnásanna adhlactha e.g. Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh – nochtann tuamaí pasáiste fianaise ar iompar spioradálta agus reiligiúnach in Éirinn ársa etc.

- Is féidir iompar reiligiúnach a fheiceáil i ngnás a bhaineann le sochaí ársa sa chaoi a d'fhéadfadh gnás smaointe a chur in iúl faoi -
    - Nádúr agus cumhacht an tarchéimnitheachta/ Dé / Déithe etc.
    - Réadúlacht nó beithsine eile mar an saol eile etc.
    - e.g. Tóraíocht físe na Meiriceánach Dúchasach etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:*
- Ceadaigh freagraí tuairisciúla.
- I gcás go scrúdaíonn iarrthóir go grinn an bealach inar léir creideamh reiligiúnach i ngnás nó i gcineál gnáis nach bhfuil bainteach le sochaí ársa – Téigh i gComhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## AONAD A DÓ

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**2 B a) i. Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a raibh údaráis reiligiúnacha na nGiúdach in aimsir Íosa faoi bhagairt ag teagasc Íosa.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an gcomhthéacs reiligiúnach i bPailistín aimsir Íosa trí eolas beacht a leagan síos ar dhá bhealach ina raibh údaráis reiligiúnacha na nGiúdach faoi bhagairt ag teagasc Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'fhéadfadh go raibh údaráis reiligiúnacha na nGiúdach faoi bhagairt ag Íosa mar gheall ar a dhearcadh i leith dlíthe agus nósmhaireachtaí na Sabóide. Thug sé dúshlán na háite a raibh glacadh ar an Dlí uirthi, áit ar fhág comhréireacht sheachtrach gur dearnadh dearmad ar dhaoine etc.
- Bhí drochmheas ag na húdaráis Ghiúdacha ar pheacaigh. Nuair a chuir Íosa fáilte d'aonghnó roimh pheacaigh chonacthas gur bagairt d'údarás ceannairí reiligiúnacha a bhí ina theagasc etc.
- Chuir na Fairisínigh diamhasla i leith Íosa toisc gur mhaith sé peacaí an fhir phairilisigh. Cháin na Fairisínigh an peacach agus cheap gur píonós cóir ar éagóir a bhí sa tinneas etc.
- Bhain Íosa úsáid as parabail chun a mhúineadh do dhaoine go raibh Ríocht Dé ag druidim leo iarbhír ag an bpointe sin. Sa pharabal faoin Samárach Maith dúirt Íosa lena lucht éisteachta go ndearna sagart agus Léivíteach neamhshuim de thaistealaí a bhí buailte. D'fhéadfadh go mbreathnófaí ar theagasc Íosa trí na parabail mar ionsaí ar charachtar údaráis na nGiúdach etc.
- I Maitiú 6:1-18, labhair Íosa faoi thrí cholún na moráltachta Giúdaí – ag tabhairt déirce, ag guí agus ag troscadh. Dúirt sé gur chóir na rudaí seo a dhéanamh faoi rún, ní go bhfeicfeadh nó go moladh daoine eile iad mar a tharlaíonn le fimínigh. D'fhéadfadh gur chreid na húdaráis reiligiúnacha Ghiúdacha gur masla a bhí anseo a bhí dírithe orthu etc.
- Bhí údaráis reilgiúnacha na nGiúdach faoi bhagairt mar gur úsáideadh an teideal 'Meisias' ag tagairt d'Íosa etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x 2 |

**2 B a) ii. Mínigh dhá chúis a raibh údaráis pholaitiúla na Rómhánach sa Phalaistín faoi bhagairt ag teagasc Íosa.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar an gcomhthéacs reiligiúnach sa Phailistín in aimsir Íosa trí chuntas a thabhairt ar dhá chúis bheachta faoi cén fáth a raibh na húdaráis pholaitiúla Rómánacha faoi bhagairt ag teagasc Íosa.

*Pointí a d'Fhéadfadh a bheith ann*

- Bheadh na Rómhánaigh faoi bhagairt trí éisteacht le hÍosa agus é ag teagasc faoi Ríocht Dé agus trí shlánaitheoir nó Meisias á thabhairt ar Íosa. Bheidís tar éis breathnú ar Íosa mar dhuine a d'fhéadfadh a bheith ina fhuascailteoir polaitiúil agus é ag iarracht ríocht nua a bhunú etc.
- Ba iad maoin, cumhacht agus glóir slat tomhais an Rómhánaigh aonair. Neamhshuim i maoin agus sealúchas a theagasc Íosa, an chumhacht le fáil ó fhónamh do dhaoine eile. Thug Íosa dúshlán iad siúd a bhí i gceannas agus nádúr na cumhachta féin. Ba é an cúiseamh oifigiúil Rómhánach i leith Íosa go raibh sé i gceannas ar éirí amach in aghaidh an stáit etc.
- Rinne teagasc Íosa bagairt indíreach ar údaráis na Róimhe sa Phailistín. D'fhéadfadh go mbeadh seasamh Pioláit i mbaol dá loicfeadh sé i gcur chun báis duine ar mhaígh na Sainidrín gur bagairt do riail na Róimhe sa Phailistín a bhí ann etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 > 9 | 8 > 7 | 6 | 5 > 4 | 3 | 2 | 1 > 0 | 10M x 2 |

**2 B b)** ● **AN CHORAINT** ● **FILIPE** ● **TEASALOINICÉ** **40** *Grádaithe*

**Scrúdaigh na fadhbanna a bhí ag na Críostaithe luatha i gceann amháin de na háiteanna thuas nuair a bhí an pobal Críostaí á bhunú féin ansin.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar shaintréithe ceann de na chéad Phobail Chríostaí trí bhreathnú go géar ar na fadhbanna a bhí ag ceann de na pobail Chríostaí atá liostaithe sa cheist agus é á bhunú.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*An Choraint -*

- D'fháiltigh siad roimh aislingí eile den Chríostaíocht agus bhí siad in iomaíocht lena chéile ar mhaithe le gradam spioradálta. Thug daoine tábhacht níos mó do thíolacthaí áirithe den Spiorad agus cinn eile thíos leis. (1Cor 12-13) etc.
- Bhí aontacht an phobail faoi bhagairt ag gníomhartha agus ag dearcaí nár léir gur thug siad faoi deara iad fiú, mar mhímhoráltacht ghnéasach, tionóil chlampracha agus déithe bréige etc. Bhí deacracht ag daoine áirithe den phobal san oiriúnú don mhoráltacht ghnéasach Chríostaí (1Cor 5:1); bhí easaontas ann faoi ar cheadaíodh dóibh an fheoil a tairiscíodh do dhéithe bréige a ithe (1Cor 8:1) etc.
- Tagraíonn dara litir Phóil do na Corantaigh do chur i gcoinne Póil ag na Críostaithe Giúdacha a d'ionsaigh a údarás aspalda (2Cor 11:3). Bhí an claonadh ag an bpobal i gCoraint, a raibh orthu cinneadh a dhéanamh idir Pól agus a chéilí comhraic, glacadh leis na critéir ar bhain a lucht comhaimseartha págánacha leas astu chun breith a thabhairt ar phearsaí reiligiúnacha e.g. deaslabharthacht, an chumhaht chun miorúiltí a dhéanamh etc.
- Bhí deighiltí tromchúiseacha sa phobal. Tháinig daoine den phobal ó chúlraí éagsúla agus ba ghearr gur tháinig faicsin éagsúla chun cinn (1Cor 3:3). D'éirigh aighnis (1Cor 6:1) etc.
- D'fhág easpa ceannaireachta sa phobal go rabhthas ag díriú ar an mí-ord (1Cor 14:26). Bhí tábhacht ag baint le saincheisteanna ceannaireachta agus údaráis agus iad ag iarraidh struchtúr a chruthú don phobal a mbeadh ar a chumas déileáil le faicsin chomh maith le ceisteanna faoin Aiséirí etc.
- Etc.

*Filipe -*

- Bhí aghaidh le tabhairt ag an bpobal ar eascairdeas mór óna gcomhshaoránaigh etc.
- Bhí deighiltí agus argóintí inmheánacha sa phobal (Fil 4:2) etc.
- Bhí easaontas ann faoi ar chóir dóibh traidisiúin nó deasghnátha Giúdacha a leanúint (Fil 3:3) etc.
- Thug múinteoirí éagsúla cuairt ar an bpobal agus cuireadh mearbhall ar dhaoine (Fil 1:12) etc.

*Teasaloinicé -*

- Bhí an pobal ina chónaí i dtimpeallacht naimhdeach. Bhí cuid mhór neamh-Chríostaithe naimhdeach agus rinne an saol deacair don phobal (1Teas 1:6) etc.
- Bhí easpa dóchais acu ag éirí as eachtra ghoilliúnach nuair a cailleadh roinnt dá mbaill. Bhí míthuiscint éigin faoin gcreideamh i measc an phobail, go háirithe faoi chinniúint iad sin a bhí tar éis bás a fháil (1Teas 4:13) etc.

- Bhí dímhaointeas cuid den phobal ag tarraingt cruatain ar dhaoine eile. Mheas cuid den phobal go raibh an Parousia/téarnamh ar tí tarlú agus dá bhrí sin cheistigh siad an gá a bhí le hobair nó le pleanáil don todhchaí (1Teas 4-5) etc.
- Bhí deacracht ag daoine áirithe den phobal oiriúnú do luachanna Críostaí (1Teas 4:3) etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**2 C a)** ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS **40** *Grádaithe*

**Déan próifíl de bhunús dialóg idirchreidmheach in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth léirthuiscint do thábhacht dialóg idirchreidmheach trí bhunús na dialóige idir dhá cheann de na mór-reiligiúin domhanda atá liostaithe sa cheist a rianú.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá roinnt den dialóg idirchreidmheach bunaithe in eachtraí stairiúla e.g. bhí cainteoirí ón mBúdachas/ Críostaíocht/Hiondúchas/Ioslamachas/Giúdachas ag céad Pharlaimint Dhomhanda na Reiligiún i Chicago in 1893 etc.
- Tá roinnt diológ idirchreidmheach bunaithe i dtionscnaimh ar leith a chuireann dialóg idir creidimh éagsúla chun cinn i.e. plé nó malartú smaointí agus tuairimí, agus é d'aidhm acu go speisialta coimhlint a réiteach nó aontú a bhaint amach etc.
- Tá fréamhacha dialóg idirchreidmheach áirithe bunaithe i gcomharthaí/gceannairí suntasacha. Shín Gandhi lámh thar an deighilt reiligiúnach. Léirigh sé ómós do théacsanna diaga traidisiúin chreideamh eile agus thug sleachta astu. Rinne an Pápa Eoin Pól II dul chun cinn suntasach agus é ag síneadh amach chuig reiligiúin dhomhanda eile e.g. 1985 thagair sé do Chaitlicigh agus do lucht leanúna Ioslaim mar "bhráithre agus siúracha i gcreideamh Abrahám"; 1986 ag an sionagóg sa Róimh labhair sé ar Ghiúdaigh agus thug 'ár mbráithre móra ionúine' orthu etc.
- Tá a fréamhacha san éacúiméineachas ag dialóg idirchreidhmheach áirithe. Bhí ionadaithe ó roinnt mór-shainchreideamh Críostaí ag Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí, a bunaíodh i 1948. Bhí dialóg idir an Chríostaíocht agus reiligiúin eile de thoradh ar dhialóg idir sainaicmí creidimh Chríostaí etc.
- Déanann daoine atá ag plé le dialóg idirchreidmheach sa lá atá inniu ann bunús dialóg idirchreidmheach a rianadh in amanna go dtí téacsanna diaga reiligiún e.g.tagairt Ioslamach déanta do Sura 5:48; Déanann Hiondúigh teachtaireacht Rig-Veda 1.164.46 a mheas etc.
- Bhí bunús ag roinnt dialóg idirchreidmheach i bhfreagairt d'eachtraí stairiúla e.g. bhí dialóg níos mó idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas ag éirí as an bhfrith-Sheimíteachas a chuir leis an Uileloscadh etc.
- Tá bunúis pholaitiúla/shóisialta ag dialóg idirchreidmheach áirithe e.g. Spreag sochaithe ilchreidmheacha ar nós na hIndia dialóg idirchreidmheach go háirithe idir an Chríostaíocht, an Hiondúchas agus an tIoslamachas etc.
- Tá bunú cultúrtha ag dialóg idirchreidmheach áirithe e.g. de réir mar a thaistil níos mó daoine sa Chianoirthear d'éirigh daoine níos fiosraí faoin mBúdachas. Tá cleachtadh an mhachnaimh mar fhoirm scíthe agus urnaí tar éis pobail chreidimh a spreagadh chun traidisiúin urnaí reiligiún eile a iniúchadh etc.
- Tá bunúis dhiagachta ag roinnt dialóg idirchreidmheach e.g. Rinne dialóg idirchreidmheach dul chun cinn tar éis do Vatacáin II Nostra Aetate a eisiúint etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | Measartha | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**2 C b)** ***Léiríonn torthaí Dhaonáireamh 2006 in Éirinn go bhfuil baill de raon de reiligiúin éagsúla ina gcónaí in Éirinn.*** **40**
*Grádaithe*

**Déan comparáid idir raon na reiligiún éagsúil atá in Éirinn sa lá atá inniu ann agus raon na reiligiún atá i gcuid eile den Eoraip.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar dháileadh na mór-thraidisiún reiligiúnacha agus ar threochtaí laistigh de na traidisiúin sin trí chuntas beacht a thabhairt ar na comhchosúlachtaí agus/nó na difríochtaí idir an éagsúlacht de thraidisiúin reiligiúnacha atá in Éirinn sa lá atá inniu ann agus iad sin atá i gcuid eile den Eoraip.

*Pointi a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Léiríonn Daonáireamh 2006 raon an chomhcheangail reiligiúnaigh in Éirinn, an líon is mó ball ag na hEaglaisí Críostaí, Ioslam ina dhiaidh sin etc. Tá sé seo ar aon dul leis an raon céatadánach den chomhcheangal reiligiúnach atá sa bhFrainc etc.
- Tá roinnt difríochtaí ann idir Éirinn agus áiteanna eile san Eoraip e.g. tá líon níos mó lucht leanúna ag an Hiondúchas sa Bhreatain etc.
- Is cosúil go raibh tionchar ag cúinsí mar fás eacnamaíoch ar raon na reiligiún in Éirinn etc. Is cosúil go raibh tionchar ag cúinsí mar nascanna cóilíneachta ar raon na reiligiún sa Bhreatain etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird:* I gcás go dtugann iarrthóir cuntas ar thraidisiún reiligiúnach atá in Éirinn agus/nó san Eoraip sa lá atá inniu ann – Téigh i gComhairle le do Scrúdaitheoir Chomhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**2 D a)** ● **AN TEAGHLACH** ● **CAIRDE** ● **NA MEÁIN CHUMARSÁIDE** **40** *Grádaithe*

**Pléigh an tionchar a bhíonn ag dhá cheann díobh sin thuas ar fhorbairt duine a bheadh aibí ó thaobh na moráltachta de.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar aibíocht mhorálta trí scrúdú beacht a dhéanamh agus tátal a bhaint faoi thionchar dhá cheann de na cúinsí atá liostaithe sa cheist ar fhorbairt duine atá aibí ó thaobh na moráltachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Teaghlach / Cairde / na Meáin Chumarsáide – An rud a bhfuil meas air is é is dóigh a bheidh tábhachtach don duine freisin e.g. bíonn luachanna an duine bunaithe ar thaitneamh a thabhairt do dhaoine eile ag Céim Choinbhinsiúnach Kohlberg etc.
- An Teaghlach / Cairde / na Meáin Chumarsáide – d'fhéadfadh an sampla a thugann siad an duine a spreagadh chun gníomhú le haltrúchas agus breith á tabhairt idir ceart agus mícheart etc.
- An Teaghlach / Cairde / na Meáin Chumarsáide – is féidir leo oideachas a chur ar dhaoine maidir le gníomhartha agus iarmhairtí a bheadh sofheicthe agus cinneadh a dhéanamh faoi chad tá ceart nó mícheart i gcás etc.
- An Teaghlach / Cairde / na Meáin Chumarsáide – d'fhéadfadh go gcuideoidís chun coinsias a chur ar an eolas agus cinneadh á dhéanamh faoi chad atá ceart nó mícheart i gcás etc..
- Etc.

*Tabhair ar aird:* Ceadaigh freagraí tuairisciúla a léiríonn tionchar dhá cheann de na cúinsí thuas ar an tslí a fheidhmeodh duine le haltrúchas agus breith á tabhairt idir ceart agus mícheart.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x 2 |

**2 D b) Scrúdaigh conas a bhíonn tionchar ag seanmóireacht Íosa faoi 'dhlí an ghrá' ar na baill de shainaicme Chríostaí amháin a ndearna tú staidéar uirthi.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar dhiminsin eiticiúla teagasc Íosa Nazórach trí bhreathnú go grinn ar an bpróiseas faoina mbíonn tionchar ag seanmhóireacht Íosa faoi 'dhlí an ghrá' ar na baill de shainaicme Chríostaí amháin.

*Pointi a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Múineann dlí an ghrá grá Dé agus grá don chomharsa. Tá spiorad bunaidh na móráltachta á aisghabháil ag Íosa trí Dhlí an Ghrá a chur i láthair. Is féidir a thionchar seo a fheiceáil in obair charthannachta baill de shainaicme Chríostaí e.g. Arm an tSlánaithe etc.
- Déanann Íosa achoimre ar dhlí an ghrá sa tSeanmóir ar an Sliabh. D'fhéadfadh sé seo baill de shainaicme Chríostaí a threorú agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart nó mícheart faoin gcaoi a théann siad i bhfeidhm ar dhaoine eile e.g. Creideamh-Chumann na gCarad etc.
- Tá teagasc mórálta iomlán Íosa comhchruinnithe in aon aithne amháin: grá Dé agus grá na comharsan e.g. Íosa ag ní cosa a dheisceabal in Eoin 13:34-35. D'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar shainaicme Chríostaí chun oibriú i seirbhís daoine eile e.g. oibríonn Christian Aid ar son roinnt sainaicmí Críostaí etc.
- I gcur síos sa soiscéal, déanann Íosa athrá arís agus arís eile ar aithne an ghrá agus cuireann i gcroílár na freagartha mórálta agus reiligiúnaí, rud a éilionn sé óna dheisceabail. D'fhéadfadh sé seo tionchar a bheith aige ar Chríostaithe chun creideamh reiligiúnach a léiriú ina slí bheatha etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## AONAD A TRÍ

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

**3 F a)** ● **FORÉIGEAN PEARSANTA** ● **FORÉIGEAN STRUCHTÚRTHA** **40** *Grádaithe*

**Déan cur síos ar chiall ceann amháin de na téarma thuas agus tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh duine iarracht a dhéanamh an cineál sin foréigin a chosaint.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth eolas ar fhoirm fhoréigin trí chuntas beacht a thabhairt ar bhrí an téarma 'foréigean pearsanta' nó 'foréigean struchtúrtha' agus trí eolas beacht a leagan síos ar chonas a d'fhéadfadh duine iarracht a dhéanamh an cineál seo foréigin a chosaint.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *Foréigean pearsanta* – tagraíonn sé sin do dhaoine a dhéanann díobháil do dhaoine eile nó a ghortaíonn iad, go mothúchánach nó go fisiciúil. Ar iarrachtaí chun foréigean pearsanta a chosaint d'fhéadfaí iad seo a leanas a chur san áireamh:
    - Féadfaidh duine foréigean a úsáid chun srian a chur le duine eile a chuirfeadh iad féin/daoine eile i mbaol murach sin etc.
    - Féadfaidh duine foréigean a úsáid chun pionós a chur ar dhuine faoi ghníomh a measadh a bheith éagórach etc.
    - Féadfaidh duine ocrach amháin foréigean a úsáid i leith duine eile a bhfuil a lán bia aige agus féadfaidh sé é a chosaint mar cheist mharthana etc.
    - In amanna tugtar cosaint ar chearta pearsanta nó cearta náisiúnta (e.g. don tslándáil) mar chúiseanna chun an cineál seo foréigin a dhlisteanú etc.
    - Etc.

- *Foréigean struchtúrtha* – foréigean atá ionsuite i struchtúir sochaí, ar féidir dochar a dhéanamh do dhaoine e.g. an dochar a dhéanann dlíthe nó nósanna imeachta nó córais tíre a cheileann a gcearta daonna bunaidh ar dhaoine. Ar iarrachtai chun foréigean struchtúrtha a chosaint d'fhéadfaí iad seo a leanas a chur san áireamh:
    - Tá sé riachtanach chun saol an mhóraimh a fheabhsú etc.
    - D'fhéadfadh go gcinnteodh sé modh maireachtála áirithe etc.
    - Tá an locht ar na daoine a ngabhfadh sé chun dochair dóibh etc.
    - D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach ar mhaith le cúinsí slándála etc.
    - Etc.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

**3 F b) Tabhair próifíl den tslí a mbreathnaíonn mór-reiligiún domhanda amháin a bhfuil staidéar déanta agat air ar an bhforéigean.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth eolas ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an bhforéigean trí fhorbairt ar an mbealach ina mbreathnaíonn mór-reiligiún domhanda ar an bhforéigean a rianadh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Búdachas* –Cáineann teagasc eiticiúil agus morálta Búda an foréigean. Tá an foréigean ceangailte leis an rud ar a dtugann Búdaithe na 'Trí Nimh' – saint, fuath agus siabhrán. Ceadaíonn roinnt Búdaí úsáid theoranta an fhoréigin faoi choinníollacha beachta áirithe etc.
- *An Chríostaíocht* – Tá neamhfhoréigean i gcroílár theagasc Íosa. Áitítear ar Chríostaithe grá a thabhairt mar a dhéanann Dia, grá a théann amach go dtí naimhde an duine fiú agus mar sin grá nach mbaineann úsáid ariamh as an bhforéigean. Faoi theoiric an Chogaidh Chóir ceadóidh roinnt Críostaithe an foréigean ach faoi chúinsí beachta áirithe amháin etc.
- *An Hiondúchas* – Áiríonn an Bhagavad-Gita go bhfuil fearg, uabhar, sotal, cruáil, marú naimhde agus fuath ina gcáilíochtaí deamhanta á gcur i gcodarsnacht leis na cáilíochtaí diaga, neamhurchóid, easpa feirge, síochán, atrua, maithiúnas agus easpa mailíse. Meastar gurb é Ahimsa (neamhfhoréigean) an suáilce is tábhachtaí. Ina dhiaidh sin leagann an Rig Veda rialacha amach d'iompar saighdiúirí le linn cogaidh etc.
- *An tIoslamachas* – Is é creideamh Ioslaim go gcuireann reiligiún go bunúsach in aghaidh an fhoréigin. Ba chóir do dhaoine gníomhú le grá, le trócaire agus le maithiúnas. Ceadaíonn Ioslam cogadh ar mhaithe le bunchúiseanna 'uaisle' agus tugann breac-chuntas ar na cúinsí a gcaithfear cloí leo i gcogadh cóir etc.
- *An Giúdachas* – Tá Dia ag bunús an Ghiúdachais a chruthaigh gach uile dhuine agus caithfear meas a thabhairt ar gach duine dá réir. Aithníonn an Giúdachas nár chóir cogadh a fhearadh ach ar mhaithe leis an gceartas etc.
- Etc.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

## ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**3 G a)** ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS **40** *Grádaithe*

**Breathnaíonn gach reiligiún ar amanna áirithe nó ar shéasúir áirithe mar ócáidí naofa. Déan comparáid idir na gnéithe a thugann le fios go bhfuil am nó séasúr naofa in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda sa liosta thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth feasacht ar an gcaoi a mbíonn páirt thábhachtach le glacadh ag deasghnáth agus ag adhradh i saolta daoine trí chur síos beacht a dhéanamh ar na comhchosúlachtaí agus/nó na difríochtaí sna gnéithe a thugann le fios go bhfuil am nó séasúr naofa in dhá cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *Féadfaidh gnéithe stairiúla am atá naofa a aithint in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda* e.g. An Giúdachas – Comórann Cáisc na nGiúdach an t-éalú ó sclábhaíocht san Éigipt. Faoi Cháisc déantar béile speisialta nó Seder a chomóradh le bianna siombólacha etc. Sa Bhúdachas déantar breith Bhúda a chomóradh ar Lá Wesak le mórshiúlta, léirithe ar eachtraí ó shaol Bhúda, tógtar scrín bláthanna, dóitear túis, déantar ofrálacha etc..
- *Féadfaidh gnéithe sóisialta am naofa a aithint in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda* e.g. Is féile solais í Diwali in onóir Rama agus Lakshmi. Ceiliúrann sé ord agus rathúnas. Is am é nuair a thugann cairde agus an teaghlach cuairt ar a chéile. Déantar Diwali a shonrú trí lasadh lampaí agus soilse agus tinte ealaíne. Malartaítear bronntanais agus roinntear agus itear bia Diwali ar leith. In Ioslam sonraítear Id al-fitr ar bhealaí atá cosúil le Diwali sa mhéid is go dtugann daoine bronntanais dá gcairde agus don teaghlach. Tugtar ofrálacha do na bochtáin. Tá sé éagsúil sa mhéid is nach féile solais go sonrach í etc.
- *Féadfaidh gnéithe diagachta am naofa a aithint in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda* e.g. Déanann Domhnach Cásca aiséirí Íosa a cheiliúradh agus sonraítear é trí thuama folamh mar shiombail an Aiséirí etc. Tugtar uibheacha seacláide, siombail na beatha nua, mar bhronntanais etc. Is tráth dianchráifeachta é Ramadan freisin faoi theagasc Allah sa Qur'an. Ní hionann agus an Cháisc sa mhéid gur tráth troscaidh é a dhéantar leis an inchinn a dhíriú go hiomlán ar Allah mar fhoinse gach réadúlachta etc.
- *Féadfaidh gnéithe siombólacha am naofa i saol an duine a shonrú e.g.* Caitheamh róba bán don Bhaiste. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le fallaing urnaí a chaitheamh don Bar Mitzvah etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40 |

**3 G b)** ***Do Chríostaithe, tá rudaí an domhain seo chomh trédhearcach sin go n-aithníonn siad láithreacht Dé iontu agus tríothu.***
**Pléigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt do bhrí 'sacraimint' in dhá cheann de na sainaicmí Críostaí a ndearna tú staidéar orthu.**

**40**
*Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar shacraimint sa traidisiún Críostaí trí scrúdú a dhéanamh ar an ráiteas agus tátail a bhaint as brí sacraiminte in dhá shainaicme Críostaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is deasghnátha reiligiúnacha iad sacraimintí a bhaineann leis an traidisiún Críostaí trínar feidir leo siúd atá rannpháirteach céannacht a chinntear trí bheatha, trí bhás agus trí aiséirí Íosa Críost a cheiliúradh. Úsáideann sacraimintí focal agus siombail chun réaltacht níos doimhne a léiriú ar a dtugtar grásta. Mar sin ní hé amháin go léiríonn siombailí sacraiminte réaltacht níos doimhne ach bíonn siad rannpháirteach sa réaltacht sin etc.
- Tuigtear sacraimintí mar chomharthaí/siombailí a chuir Críost ar bun chun réaltacht níos doimhe a léiriú ar a dtugtar grásta. Is féidir breathnú ar ghrásta mar theagmháil speisialta le Dia. Bíonn difríochtaí sainaicmeacha ann sa chaoi gur féidir le sacraimintí a bheith ina ngeallúint grásta, ina gcomhartha grásta nó ina mbealach chun grásta a fháil. Bíonn difríochtaí sainaicmeacha ann freisin maidir le cad is sacraimint ann etc.
- Sa traidisiún Caitliceach Rómhánach áirítear gur teagmháil le Críost iad na seacht sacraimint. Trí ghníomh Chríost agus trí chumhacht an Spioraid Naomh cuireann na sacraimintí i láthair a gciallaíonn siad. Tá na seacht sacraimint lárnach do shaol agus d'eispéireas Caitliceach Rómhánacha toisc go gcreidtear gur bhunaigh Críost iad agus ar an mbonn seo is ráthaíocht an ghrásta iad etc.
- Sa Chomaoin Anglacánach is éard is sacraimint ann ná 'comhartha seachtrach agus infheicthe de ghrásta spioradálach agus inmheánach a thugtar dúinn, ornithe ag Críost féin, mar bhealach trína fhaighmid an céanna, agus mar gheallúint chun sin a chinntiú dúinn'. Cuirtear béim ar ghníomh Dé trí na sacraimintí ach tá béim freisin ar thábhacht an chreidimh laistigh den duine aonair. Tá dhá shacraimint ann: Baiste agus an Eocairist agus cúig mhinistreacht sacramintiúla grásta. Tá dhá shacraimint ag sainaicmí Protastúnacha eile, Baiste agus an Eocairist, mar gurb iad seo an péire ar léir go soiléir sna Soiscéil gur Íosa Críost a bhunaigh etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Ceadaigh freagraí tuairisciúla.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**3 I** ***I ndiaidh aimsir Naomh Pádraig, d'fhorbair an Chríostaíocht in Éirinn ar go leor slite sainiúla.*** **80** *Grádaithe*

**Déan próifíl de dhá shlí ar fhorbair an Chríostaíocht in Éirinn sna céadta díreach i ndiaidh aimsir Naomh Pádraig.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth léirthuiscint don oidhreacht reiligiúnach in Éirinn trí dhá shlí in ar fhorbair an Chríostaíocht in Éirinn sna céadta díreacht i ndiaidh aimsir Naomh Pádraig a rianadh.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *Teacht chun cinn an chórais mhanachúil* – cuireadh na chéad mhainistreacha ar bun in áiteanna mar Chluain Mhic Nóis agus Gleann Dá Loch. I dtír thuaithe mar Éirinn b'ionann na mainistreacha seo agus bailte beagnach. Chuir siad go mór le forbairt na Críostaíochta in Éirinn tar éis teacht Naomh Pádraig etc.
- *Ealaín mhanachúil* – rinne na manaigh cóipeanna de na mórthéacsanna bíobalta, go háirithe na soiscéil. D'fhéadfaí an teachtaireacht bhíobalta a thuiscint go héasca agus d'fhanfadh leis an té a bhreathnaigh orthu tréimhse fhada ina dhiaidh sin. Bhí suntas ag baint leis seo d'fhorbairt na Críostaíochta in Éirinn mar gur chuir sé béim ar thábhacht Bhriathar Dé etc.
- *Na hArdchrosa mar shiombailí na Críostaíochta in Éirinn Cheilteach* – tháinig siad chun a bheith ina saothair ealaíne ag cur síos ar radharcanna bíobalta éagsúla. Ba bhealach samhlaíoch é le scéal na Críostaíochta a mhúineadh dóibh siúd nach bhféadfadh na scéalta a léamh dóibh féin etc.
- *Scríobh leabhar speisialta ar a dtugtar 'na Peannadóirí'.* Chuir na leabhair seo leis an gCríostaíocht in Éirinn agus san Eoraip trí fhoirm dhifriúil de shacraimint an Athmhuintearais ón gceann a bhí ag an luath-Eaglais áit a ndearnadh aithrí go poiblí, uair amháin le linn saoil agus a raibh pionóis thromchúiseacha san áireamh ann, a thabhairt isteach. D'fhorbair sé seo ina foirm 'phríobháideach' aithrí áit ar admhaigh aithrígh a bpeacaí do shagart a ghearr pionós a bhí leagtha síos don choir áirithe sin. D'fhéadfaí aithrí a athdhéanamh agus ní raibh pionóis throma i gceist. Dá thoradh seo bhí rochtain i bhfad níos éasca ar an bhfaoistin etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M x2 |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**3 J a)** ***An díospóireacht faoi bhunús na beatha ar domhan, is díospóireacht í a aontaíonn na diagairí agus na heolaithe.*** **80** *Grádaithe*

**Déan an ráiteas seo a phlé agus déan tagairt do na cosúlachtaí agus do na difríochtaí sa chur chuige atá ag an reiligiún agus ag an eolaíocht sa díospóireacht faoi bhunúis na beatha ar domhan.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar na fiontair eolaíocha agus diagacha trí scrúdú a dhéanamh ar an díospóireacht faoi bhunús na beatha ar domhan agus trí thátail bheachta a bhaint maidir leis na comhchosúlachtaí agus/nó na difríochta sa chur chuige a ghlacann an reiligiún agus an eolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is féidir go mbíonn inspreagadh comhchosúil ag diagairí agus ag eolaithe agus iniúchadh á dhéanamh acu ar bhunús. Tá an tsuim dhaonna i mbunús bunaithe ar an riachtanas go dtuigfimís cé sinn i dtéarmaí físe a nascann an tsochaí le chéile etc.
- Tá dhá cheist i gcoitinneas ag an eolaíocht agus ag an reiligiún sa chuardach do bhunús:
  - Tosaíochtaí – cur síos ar an am a chuaigh thart e.g. bunús na cruinne atá tugtha ag an gcosmeolaíocht agus teagasc reiligiúnach na cruinne etc.
  - Brí – ceist feidhme agus cinniúna, cruinne bhríoch nó gan bhrí, deireadh an domhain agus an chinniúint amach anseo etc.
  - Tá sé dosheachanta go n-ardaíonn an chosmeolaíocht, cé gur teoiric eolaíoch í faoi bhunús an chosmais, ceisteanna faoi bhrí agus faoi luach na beatha daonna agus í mar sin i gcroílár na saincheisteanna a bhaineann le heolaíocht agus le reiligiún etc. Tugann scéalta reiligiúnacha faoi chruthú an domhain cosmeolaíocht a léiríonn bunchaidreamh idir Dia, an bheatha dhaonna agus domhan an nádúir etc.
- Thuig iad siúd a bhí ag obair leis an eolaíocht gur thóg a gcuid taighde ceisteanna a raibh bunús reiligiúnach leo e.g. Robert Jastrow etc. Thuig iad siúd a bhí ag obair leis an diagacht gur thóg a gcuid taighde ceisteanna a raibh bunús eolaíoch leo e.g. John F. Haught etc.
- Insítear scéalta faoi chruthú an domhain ní mar phictiúr eolaíoch de thosaíochtaí, ach mar fhreagairt don riachtanas an bheatha dhaonna a thuiscint laistigh de chomhthéacs níos mó, comhthéacs brí agus oird e.g. Geineasas etc. Ach baineann teoiric na hOllphléisce agus cosmeolaíochtaí eile leis na meicníochtaí faoinar tháinig an domhan chun a bheith ann etc.
- Ceadaíonn plé eolaíoch faoi bhunús na cruinne dearcadh ábharaíoch/réaduchtach amháin ar bhrí na beatha. Ní féidir le modh eolaíoch, bunaithe ar bhreathnóireacht agus ar thástáil san domhan ábhartha, a shéanadh nó a dhearbhú go bhfuil Dia an cruthaitheoir ann etc. Ach féadfaidh ceisteanna spioradálta eascairt as plé reiligiúnach etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55> 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80 |

*NÓ*

**3 J b) ●TÚS NA BEATHA DAONNA●FADÚ NA BEATHA DAONNA ● DEIREADH NA BEATHA DAONNA** **80** *Grádaithe*

**Déan plé ar na saincheisteanna eiticiúla a éiríonn san eolaíocht agus sa reiligiún maidir le dhá cheann díobh sin thuas.**

*Critéir Mharcála*

Léireoidh freagra den scoth tuiscint ar fhiontair dhiagacha agus eolaíocha trí scrúdú beacht a dhéanamh agus tátail a bhaint as na saincheisteanna eiticiúla a éiríonn san eolaíocht agus sa reiligiún maidir le dhá cheann díobh seo a leanas – tús na beatha daonna, fadú na beatha daonna nó deireadh na beatha daonna.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Tús na beatha daonna*

- Éiríonn saincheisteanna eiticiúla sa reiligiún agus san eolaíocht faoi thús na beatha daonna de bharr cumhacht na heolaíochta an domhan a athrú ó bhun agus toisc go leagann reiligiún béim ar choincheap cuspóir Dé i gcruthú na beatha etc.
- Áirítear ar na saincheisteanna eiticiúla atá roimh an reiligiún agus an eolaíocht:
    - Ceisteanna maidir le cad atá in ann don chruinne agus na hoibleagáidí a chuireann sé seo ar shíol Éabha etc.
      Ardaíonn fionnachtana eolaíocha faoin gcaoi ar thosaigh beatha an duine saincheisteanna maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear eolas dá leithéid e.g. forbairt chóracha nua leighis etc.
    - An chaoi ar chóir d'eolaithe díriú ar chreideamh reiligiúnach agus an chaoi a fhreagraíonn diagairí don eolaíocht etc.
    - Ardaíonn teicneolaíochtaí atáirgthe saincheisteanna mar ar chóir iad a úsáid; cé atá i dteideal leas a bhaint astu; cad is beatha daonna ann agus cén pointe i bhforbairt féatais/shuthach a ndéantar cearta daonna a chosaint etc.
- Etc.

*Fadú na beatha daonna*

- Tugann reiligiún agus eolaíocht aghaidh ar shaincheisteanna eiticiúla de bharr dul chun cinn liachta i bhfadú na beatha daonna. Is é an prionsabal morálta ginearálta gur cheart do chóir leighis 'an bheatha dhaonna a fhadú, ní próiseas saothrú an bháis'. Tá dhá chás a d'fhéadfadh a bheith ann:
    1. Le teicneolaíocht nua-aimseartha mar análaitheoirí, féadtar daoine a choinneáil ina mbeatha ar feadh tréimhsí fadaithe nuair is cinnte, gan an teicneolaíocht, go bhfaighdís bás. Sa chás seo is léir go bhfuil an t-innealra ag cur fad le próiseas an bháis.
    2. Nuair atá dóchas éigin ann go dtiocfaidh feabhas ar dhuine má choinnítear ar an innealra iad agus sa deireadh go dtagann siad chucu féin ar bhealach éigin. Sa chás seo bíonn páirt dáiríre ag an gcóireáil liachta i bhfadú na beatha daonna. Éiríonn saincheisteanna eiticiúla sa reiligiún agus san eolaíocht agus breith á tabhairt idir an dá chás seo etc.
- Ar na saincheisteanna eiticiúla atá roimh an reiligiún agus an eolaíocht áirítear –
    - Cad iad na cóireálacha liachta a fhadaíonn an bás/ a chaomhnaíonn an bheatha e.g. an cóireáil liachta í cothú a thabhairt trí fheadán?
    - Cén chaoi a ndéanaimid cinneadh faoi nó sainmhíniú ar 'bás' e.g. an bhfuil duine atá i 'staid sheasta (nó buan) gan chiall gan chéadfaí' marbh?
    - Cén chaoi ar chóir acmhainní liachta teoranta a chaitheamh? Cé atá i dteideal cóireáil a fháil? Cé aige a bhfuil an ceart a shocrú ar chóir cóireáil a choinneáil siar? Etc.
- Etc.

*Deireadh na beatha daonna*

- Ar shaincheisteanna eiticiúla atá roimh an eolaíocht agus an reiligiún amach áirítear:
    - Cad is bás maith ann?
    - An ceart nó teidlíocht bás dá leithéid?
    - An bhfuil an ceart ag daoine bás a fháil agus má tá, an ceart iomlán é?
    - Cén chaoi ar chóir acmhainní liachta teoranta a dháileadh?
    - Cé shocraíonn nóiméad an bháis?
    - An bhfuil tosca ann faoin ar chóir go mbeadh oibleagáid ar dhaoine cuidiú le duine bás a fháil?
    - Cén chaoi a bhféadfaí eoiginic a sheachaint? Etc.
- Etc.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna don Cheist* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M x2 |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

## *Scéim Mharcála 2010*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2010*

## *Oideachas Reiligiúnach, Obair Chúrsa – Ardleibhéal*

### OIDEACHAS REILIGIÚNACH – OBAIR CHÚRSA

Aidhmeanna den obair chúrsa d'oideachas reiligiúin na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó imní
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, tuiscint, scileanna agus dearcaí na ndaltaí, dé réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na rannóige atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, anailís agus mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe d'oideachas reiligiúin i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúin ag an leibhéal sinsearach. Tá obair an chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* - NCCA leathanach 142)

- Ceanglaítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon theideal amháin a chur isteach.
- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.
- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folamha a sholáthraítear ag bun gach leathanach. Ní mór na grafaicí nó na híomhánna go léir a úsáideann an t-iarrthóir a dhéanamh nó a scanáil go díreach ar an leabhrán. Ach níor chóir dóibh ábhar a cheangal leis an Leabhrán Obair Chúrsa nó a ghreamú de.

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn E agus i Roinn H thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal amháin as Roinn E nó ar theideal amháin as Roinn H.

## *ROINN E: REILIGIÚN AGUS INSCNE*

**E.1. ◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Hiondúchas ◆ An t-Ioslamachas ◆ An Giúdachas**
**Déan taighde ar an gceangal idir an tslí ina ndéanann daoine adhradh agus na róil a bhíonn ag fir agus mná i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála -*
Léireoidh cúrsa oibre den scoth eolas ar na róil a bhíonn ag fir agus mná i dtraidisiún reiligiúnach agus tuiscint ar thábhacht inscne don eispéireas reiligiúnach i sochaí an lae inniu trí anailís a dhéanamh agus tátail a bhaint as an nasc idir an tslí ina dtugann daoine ómós do dhia/tarchéimnitheach agus róil na bhfear agus na mban sa Bhúdachas nó sa Chríostaíocht nó sa Hiondúchas nó san Ioslamachas nó sa Ghiúdachas sa lá atá inniu ann.

**E.2.** ***Bhí Íosa radacach sa tslí ar chaith sé le mná.***
**Iniúchadh ar an bhfianaise atá ann don ráiteas seo agus tagairt ann do dhá theagmháil idir Íosa agus mná sna Soiscéil.**

*Critéir Mharcála -*
Léireoidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar theagmhálacha idir Íosa agus mná, mar a bhfuil cur síos orthu sna scrioptúir Chríostaí, trí iniúchadh a dhéanamh ar nádúr radacach an tslí inar chaith Íosa le mná agus trí fhianaise thacaíochta a chur ar fáil dá dtátail agus tagairt ann do dhá theagmháil idir Íosa agus mná a bhfuil cur síos orthu sna Soiscéil.

## *ROINN H: AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA*

**H.1. Déan cás-staidéar faoi thionchar an Bhíobla ar phíosa saothair i gceann amháin de na réimsí seo a leanas: • Ealaín • Litríocht • Ceol**

*Critéir Mharcála -*
Léireoidh obair chúrsa den scoth tuiscint ar an tslí ina raibh an Bíobla, agus ina bhfuil i gcónaí, ina théacs clasaiceach do shochaí an Iarthair, mar aon le cumas móitífeanna bíobalta san ealaín, sa litríocht nó i gceol a aithint trí anailís a dhéanamh ar thionchar an Bhíobla ar phíosa amháin ealaíne, litríochta nó ceoil.

**H.2. Deirtear faoin mBíobla gur leabharlann de shaghsanna difriúla leabhar é.**

- **Na Deich nAithne (Eaxodus 20:1-21)**
- **Laoi Bhuíochais Hanná (1Samúéil 2:1-10)**
- **Iosrael Athbhunaithe (Íseáia 52:13 - 53:12)**
- **An Claochlú (Marcas: 9:2-13)**
- **An tSeanmóir ar an Talamh Réidh (Lúcás 6:20-49)**
- **An Brollach (Eoin 1:1-18)**

**Fiosrú ar an tábhacht a bhaineann leis an seánra liteartha chun go bhfaigheadh creidmhigh tuiscint ar cheann amháin de na téacsanna bíobalta thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála -*
Léireoidh obair chúrsa den scoth eolas mionsonraithe ar théacsanna eochracha áirithe agus tuiscint ar thábhacht an seánra trí iniúchadh a dhéanamh ar cheann de na téacsanna bíobalta liostaithe sa teideal agus trí fhianaise thacaíochta a chur ar fáil do thátail a bhaintear maidir le tábhacht an tseánra liteartha do léirmhíniú agus d'fheidhmiú an téacs do chreidmhigh sa lá atá inniu ann.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| *Marcanna* | ***Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*** |
|---|---|
| 0 - 15 | Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.<br>• Ní thugtar ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích. |
| 16 - 21 | Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is píosa saothair imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2010, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta éigin do theideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích. |
| 22 - 27 | Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is saothar breá é.<br>• Léiríonn sé leorghabháil phearsanta do theideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise réasúnta gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2010 á iniúchadh.<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2010, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear. |
| 28 - 33 | Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is saothar fiúntach é.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa |

ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích.
- Tugann sé achoimre mhionsonraithe ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2010, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

34 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.
- Is saothar fiúntach é i ndáiríre.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 á cur i gcrích.
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010.
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2010, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear. Léiríonn an achoimre ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:
  - → an cumas eolas a roghnú, agus anailís agus measúnacht a dhéanamh air
  - → an cumas eolas a shórtáil agus eagar a chur air
  - → an cumas tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.

**ROINN B – MACHNAMH PEARSANTA AR AN BHFOGHLAIM, AR NA SCILEANNA AGUS AR NA HEISPÉIRIS A BAINEADH AMACH TRÍ OBAIR CHÚRSA A DHÉANAMH**

*Marcanna* ***Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B***

0 - 15 Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.
- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2010. Ní thugann sé cur síos nó is beag an cur síos a thugann sé ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Is beag an tsainaithint a thugann sé ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
  - – Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2010 a roghnaíodh
  - – Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - – Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

16 - 21 Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.
- Is saothar imleor é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta éigin do theideal dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Is beag an fhianaise shoiléir a léiríonn sé ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht

peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.

- Tugann sé fianaise éigin air seo a leanas –
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2010 a roghnaíodh
  - Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

22 - 27 Má tá an freagra go maith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is saothar breá é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2010 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2010 ann. Tugann sé cur síos ginearálta ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise réasúnta ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Léiríonn sé fianaise réasúnta orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2010 a roghnaíodh
  - → Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

28 - 33 Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is saothar fiúntach é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2010. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh; Tugtar míniú ginearálta le fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht sa teideal dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Tugann sé sainaithint shoiléir ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2010 á déanamh.
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010
  - → Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú.
- Léiríonn sé scileanna breithiúnais agus measúnaithe.

34 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre.
- Tugann sé cur síos substaintiúil ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2010 a dhéanamh. Tugtar míniú mionsonraithe le fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht i dteideal dualgais roghnaithe 2010. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010 le fianaise ar an gcumas

athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine.

- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2010.
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar dhoimhneacht tuisceana ar an teideal dualgais roghnaithe 2010 agus go ndeachthas ina bhun ó thaobh roinnt peirspictíochtaí de a léiríonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
  - an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas
  - an cumas frith-argóintí a fhorbairt.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar cheisteanna a shainaithint a d'eascair tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2010, lena n-áirítear an cumas údarás foinsí áirithe eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim.
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - Machnamh pearsanta, criticiúil ar an bhfoghlaim a baineadh as an obair chúrsa
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2010
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.